



Comhairle Contae
Ros Comáin
Roscommon
County Council



Iniúchta Ráiteas Airgeadais Bliantúí 2022

**Don bhliain dar críoch
an 31 Nollaig 2022**

Athbhreithniú Airgeadais	3
Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh/Ceannasaí Gníomhach Airgeadais, TFC & Claochlaithe Dhigitigh	8
Tuairim an Iniúcháir Neamhspleách	9
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	11
Cuntais Airgeadais	15
Ráiteas Ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntais Ar Ioncam & Caiteachais)	16
Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe)	17
Ráiteas Faoi Shreabhadh Cistí (Ráiteas Sreafa Cistí)	18
Nótaí faoi agus mar chuid de na Cuntais	19-29
Aguisíní	31
1 Anailís ar Chaiteachas	32
2 Caiteachas agus ioncam de réir Rannáin	33
3 Anailís ar Ioncam ó Dheontais agus Fóirdheontais	39
4 Anailís ar Ioncam ó Earraí agus Seirbhísí	40
5 Achoimre ar Chaiteachas agus Ioncam Caipitil	41
6 Caiteachas Caipitil agus ioncam de réir Rannáin	42
7 Ollbhailiúcháin Ioncaim	43
8 Ús i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil	44
9 Aistrithe idir an Cuntas Ioncaim agus an Cuntas Caipitil	44



ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Ráiteas Airgeadais Bliantúil don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Réamhrá

Leagtar amach sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) seo torthaí ghníomhaíochtaí airgeadais Chomhairle Contae Ros Comáin don bhliain 2022 (Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais) agus léirítear ann staid airgeadais na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2022 (An Cuntas Caipítíl agus an Clár Comhardaithe). Ullmhaítear an RAB de réir na gceanglas reachtúil lena rialaítear soláthar na ráiteas airgeadais d'údarás áitiúla arna leagan síos ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Iníúchadh

Déanann Seirbhís Iníúcháireachta na nÚdarás Áitiúil iníúchadh reachtúil bliantúil ar an RAB chun tuairim neamhspleách a thabhairt faoi cé acu a thugann sé léiriú fíor ar an staid airgeadais ag deireadh na bliana nó nach dtugann. Chomh maith leis sin, agus i gcomhréir le hAlt 120 (1) (C) den Acht Rialtais Áitiúil, 2000 ullmhaíonn an tIníúcháir a cheap an Rialtas Áitiúil Tuarascáil Iníúchta Reachtúil.

Príomhphointí

Táim an-sásta a chur in iúl do na Comhaltaí go bhfuil barrachas €26,000 sa Chuntas Ioncaim, rud a chiallaíonn anois gurb ionann an cúlchiste ginearálta carntha ag deireadh na bliana 2022 agus €270,000.

Ba é €119m an méid iomlán (gan aistriú san áireamh) a caitheadh as an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais le linn na bliana 2022 chun seirbhísí a sholáthar do mhuintir Ros Comáin.

Rinneadh airgead na Comhairle Contae a bhainistiú go stuama, gan dul i muinín na rótharraingthe le linn na bliana, agus ag an am céanna cinntíodh gur íocadh 98% (ar aon dul le 2021) de shonraisc laistigh de 30 lá.

Coinníodh an ráta bailithe rátaí ag 89% agus tá sé seo ag teacht le 2021.

Bhí an ráta bailithe cíosa ag 91% (feidhmíocht nach beag), ráta atá ábhairín níos lú ná ráta na bliana 2021.

Tháinig méadú ar an ráta bailithe iasachtaí ó 65% sa bhliain 2021 go 71% sa bhliain 2022 toisc go bhfuil laghdú ag teacht ar an bhfiachas stairiúil a bhaineann le hiasachtaí a tugadh sna 1980idí agus sna 1990idí. Tá gach ceann nua d'iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann ag feidhmiú go maith.

B'ionann ioncam NPPR (Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha) sa bhliain 2022 agus €502,000. €504,000 a bhí ann sa bhliain 2021.

Bhí an Chomhairle in ann airgead a chaitheamh ar na nithe seo a leanas toisc go raibh ioncam breise agus coigilteas buiséid acu.

Cur Síos	Méid (€)
Cistiú Meaitseála i gcomhair Tionscadail Rialtais	1,852,710
Cosaint Sibhialta	867,000
Tionscadail Leabharlainne	404,280
Cuntas Innealra	551,390
Uasghrádú TF	310,410
Soilsiú Poiblí	480,000
GMA	189,000
Deontais Tithíochta	252,260
Foirne Baile	30,000
Tionscadail Chaipitil Eile	499,900
Iomlán	5,436,950

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain 2022 (Gníomhaíocht an Chuntais Ioncaim)

Tuairiscíodh barrachas €26,000 sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain 2022 (ráiteas ina dtaifeadtar gníomhaíocht ioncaim agus caiteachais) agus is féidir achoimre a dhéanamh air mar seo a leanas:

	2022 €000	2021 €000
Caiteachas	67,663	71,366
Ioncam	73,867	76,877
Aistrithe chuig/ó Chúlchistí	(6,178)	(5,486)
Barrachas (Easnamh) don Bhliain	26	25
Iarmhéid Tosaigh Creidmheasa (Dochair)	244	219
Iarmhéid Deiridh Creidmheasa (Dochair)	270	244

Is é seo a leanas an chomparáid idir an t-ioncam agus an caiteachas iarmhír agus an méid a bhí leagtha amach sa bhuiséad:

	2022 €000	2021 €000
Caiteachas i gcomparáid le Buiséad Glactha	(10,563)	(14,044)
Ioncam i gcomparáid le Buiséad Glactha	10,803	14,173
Rátaí i gcomparáid le Buiséad Glactha	(214)	(104)
Barrachas/ (Easnamh) don Bhliain	26	25

Cuirtear tuarascáil mhionsonraithe ar dhifriochtaí sa chaiteachas agus ioncam i rannóga éagsúla faoi bhráid Chomhaltaí Chomhairle Contae Ros Comáin gach bliain, lena n-áirítear iarratas ar a faomhadh.

Bhí an Chomhairle ag brath go mór ar Dheontais Rialtais chun seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir na háite faoi mar a léirítear i Nóta 15 leis na cuntais agus díreach mar a tuairiscíodh i mblianta roimhe seo. B'ionann deontais Stáit agus fóirdheontais agus 43% den ioncam ar fad a fuarthas sa bhliain 2022, (2021 – 49%). B'ionann an leithroinnt ó Cháin Mhaoine Áitiúil, lena n-áirítear an maoiniú a fuarthas ón gciste comhionannaithe agus 15% den ioncam (2021 – 14%), agus fuarthas 17% ó Rátaí Tráchtála (2021 – 16%). Earraí agus seirbhísí a bhí sa chuid eile faoi mar a léirítear in Aguisín 4 leis na cuntais.

Is ábhar imní go fóill í do Chomhairle Contae Ros Comáin an leithroinnt ó Cháin Mhaoine Áitiúil ós rud é gur ghá suim €6.965 milliún a fháil ón gciste comhionannaithe chun gur féidir leo leanúint ar aghaidh le leibhéal riachtanach seirbhísí a chur ar fáil (i.e.):

	2022 €000
100% CMÁ a ranníocadh go háitiúil	4,063
20% CMÁ chuig an gCiste Cúitimh	812
CMÁ a Coimeádadh go hÁitiúil (80%)	3,251
Leithdháileadh ón gCiste Cúitimh	6,965
Móide: 15% d'Athrúchán Suas	609
Leithroinnt iomlán CMA 2022	10,825

Gníomhaíocht an Chuntais Chaipitil

Is féidir cur síos ar chaiteachas caipitiúil mar chaiteachas ar earraí a bhfuil saolré acu atá níos faide ná an bhliain inar dtabhaíodh é. I measc samplaí tá;

- Ceannach talún
- Ceannach agus athchóiriú tithe
- Móroibreacha feabhais ar bhóithre
- Grúpscéimeanna Uisce
- Ionaid Fóillíochta, Páirceanna agus Páirceanna Imeartha
- Oifigí agus foirgnimh eile

Aithnítear Caiteachas Caipitiúil freisin faoi na ceannteidil 'Sócmhainní Seasta' agus 'Obair ar Siúl' sa Chlár Comhardaithe agus tá airgead atá dlite don Chomhairle Contae amhail an 31 Nollaig 2022 san áireamh.

Maoinítear Caiteachas an Chuntais Chaipitil ó fhoinsí éagsúla amhail Deontais, lasachtaí agus Ranníocaíochtaí Forbartha (b'ionann an t-airgead a fuarthas le haghaidh ranníocaíochtaí forbartha agus €643,000 sa bhliain 2022 i gcomparáid le €654,000 sa bhliain 2021.

Tugann na hidirbhearta atá achoimrithe thíos forléargas ar leibhéal gníomhaíochta an Chuntais Chaipitil le linn na bliana 2022 (féach Aguisín 6);

	2022 €000	2021 €000
Caiteachas	(51,385)	(44,266)
Ioncam	42,063	58,821
Barrachas (Easnamh) don Bhliain	(9,322)	14,555
Iarmhéid Tosaigh Sochair (Dochair)	37,967	23,412
Iarmhéid Deiridh ag deireadh na bliana	28,645	37,967

Is iad na difríochtaí ama idir tabhú an chaiteachais agus tiomsú an ioncaim is cúis go príomha leis an iarmhéid deiridh ag deireadh na bliana.

Clár Comhardaithe

Léirítear sa Chlár Comhardaithe gur fiú €1,866M Sócmhainní Seasta ag deireadh na bliana agus aithnítear €23.4M maidir le hObair ar Siúl agus Réamhoibreacha i ndáil le sócmhainní seasta.

Bailiú Ioncaim

Is in Aguisín 7 a fhaightear anailís ar fheidhmíocht an bhailithe maidir leis na príomhshruthanna ioncaim don bhliain 2022. Léirítear sa tábla thíos feidhmíocht an bhailithe ón mbliain 2015 i leith.

	2022	2021	2020	2019	2018	2017	2016	2015
Rátaí Tráchtála	89%	89%	68%	89%	86%	83%	91%	93%
Cíosanna Tithíochta	91%	93%	93%	91%	92%	91%	92%	89%
Iasachtaí Tithíochta	71%	65%	62%	76%	55%	56%	58%	75%

Aitheantas

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Ros Comáin as ucht a gcuid tacaíochta agus cúnaimh agus iad ag déileáil leis na fadhbanna airgeadais a tháinig chun cinn le linn na bliana 2022.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an lucht bainistíochta agus le foireann na n-aonad gnó ar fad as a gcomhoibriú agus go háirithe le mo chomhghleacaithe san aonad gnó airgeadais as a gcúnamh maidir le Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022 a ullmhú.



Seán Mullarkey

Ceannasaí Gníomhach Airgeadais, TFC & Claochlaithe Dhigitigh



Comhairle Contae
Ros Comáin
Roscommon
County Council



Comhairle Contae Ros Comáin

Deimhniú ón bPríomhfheidhmeannach agus ón gCeannasaí Gníomhach Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

Táimidne, an Príomhfheidhmeannach agus an Ceannasaí Gníomhach Airgeadais, freagrach as ráiteas airgeadais bliantúil a ullmhú i gcomhréir leis an gcód cleachtais cuntasáiochta a d'eisigh an tAire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Táimid freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choimeád lena nochtar, le cruinneas réasúnta, staid airgeadais an údaráis áitiúil agus lena gcumasaítear dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais a ullmhaítear na ceanglais reachtúla.

Táimid freagrach as sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Seo na rudaí a rinneamar agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú againn:

- luamar gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chóid Chleachtais Cuntasáiochta agus gur cuireadh na beartais chuntasáiochta i bhfeidhm ar shlí chomhsheasmhach; agus,
- rinneamar breithiúnais agus meastacháin a bhí réasúnta agus stuama;

Deimhnímid go bhfuil na ráitis airgeadais de chuid Comhairle Contae Ros Comáin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, de réir mar atá leagtha amach ar leathanaigh 16 agus 17, ar aon dul leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na riachtanais chuntasáiochta mar a threoraigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Shane Tiernan

Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Sean Mullarkey

Ceannasaí Gníomhach Airgeadais,
TFC & Claochlaithe Dhigitigh

Dáta: 13 Aibreán 2023

Dáta: 13 Aibreán 2023

Tuairim an Iniúcháirle Neamhspleách chuig Comhaltaí Chomhairle Contae Ros Comáin

Tá iniúchadh déanta agam ar ráiteas airgeadais bliantúil Chomhairle Contae Ros Comáin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 mar atá leagtha amach ar leathanaigh 11 go 29, agus a chuimsíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas Cuimsitheach Ioncaim, an Ráiteas ar Staid an Airgeadais, an Ráiteas Sreabhaidh Cistí, agus nótaí leis na cuntais agus atá mar chuid díobh. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus é á ullmhú ná an Cód Cleachtais agus Rialacháin Chuntasaíochta mar atá forordaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Freagrachtaí na Comhairle agus an Iniúcháirle Rialtais Áitiúil

Tá an Chomhairle, de réir Alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, freagrach as na taifid chuntasaíochta go léir a choimeád lena n-áirítear an Ráiteas Bliantúil Airgeadais a ullmhú. Tá sé de fhreagracht ormsa, bunaithe ar m'iniúchadh, teacht ar thuairim neamhspleách faoin ráiteas agus mo thuairim a thuairisciú duit.

Scóip an iniúchta ar an ráiteas airgeadais

Rinne mé m'iniúchadh i gcomhréir leis an gCód Cleachtais Iniúcháirle, mar atá forordaithe faoi Alt 117 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Déantar mionscrúdú ar bhonn tástála mar chuid d'iniúchadh ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtuithe sa ráiteas airgeadais bliantúil. Déantar measúnú freisin ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinneadh le linn an ráiteas airgeadais á ullmhú, agus déantar na beartais chuntasaíochta a mheas le fáil amach an bhfuil siad oiriúnach d'imthosca na Comhairle, an gcuirtear i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad agus an nochtar go cuí iad.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a dhéanamh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé a bheith riachtanach mar chorpas fianaise chun go bhféadfainn dearbhú réasúnach a thabhairt go raibh an ráiteas airgeadais bliantúil saor ó ráiteas neamhchruinn ábhartha, pé acu calaois nó earráid ba chúis leis.

Tuairim ar an ráiteas airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann an ráiteas airgeadais bliantúil, a ullmhaíodh i gcomhréir leis an gCód Cleachtais agus Rialacháin Chuntasaíochta d'údarais áitiúla, léargas cothrom ar staid airgeadais Chomhairle Contae Ros Comáin amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Tuarascáil Reachtúil an Iniúcháir

D'ullmhaigh mé tuarascáil iniúcháir ghaolmhar freisin mar a fhoráiltear in Alt 120(1) (c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.



Mary Keaney
Iniúcháir Rialtais Áitiúil.
Dáta: An 28 Meán Fómhair 2023

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais i gcomhréir le Cód Cleachtais Cuntasaíochta ACoP (Cód Cleachtais Ceadaithe) maidir le cuntasaíocht údarás áitiúil arna leasú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO) amhail an 31 Nollaig 2022. Ní mór neamhchomhlíonadh beartas cuntasaíochta mar atá leagtha amach in ACoP a lua sna Beartais agus Nótaí leis na Cuntais.

2. Ráiteas Sreabhaidh Cistí

Tugadh Ráiteas Sreabhaidh Cistí isteach mar chuid de RAB 2011. Cé gur cloíodh le treoir Chaighdeán 7 de chuid Cuntasaíocht Idirnáisiúnta maidir le Ráiteas Sreabhaidh Airgid, ní hionann gnó na n-údarás áitiúil agus gnó fhormhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus, dá bhrí sin, aontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a áirithiú go mbeadh na sonraí a bheadh ar taispeáint fóinteach agus úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil. Is ar an ábhar sin a thagraítear don ráiteas mar 'Ráiteas Sreabhaidh Cistí'. Tá Ráiteas Sreabhaidh Cistí mar chuid de na cuntais airgeadais anois agus taispeántar é díreach i ndiaidh an Ráitis ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 17 – 22 leis an Ráiteas Sreabhaidh Cistí agus léirítear iad sna Nótaí leis an RAB agus tá siad mar chuid den rannán airgeadais de. Tugtar cuntas ar iarmhéideanna Tionscadail/Neamhthionscadail/Inacmhainne/ Deonacha i Nóta 19, agus is féidir iarmhéid dochair nó iarmhéid sochair a bheith i gceist. Glactar leis maidir leis an sreabhadh cistí gur iarmhéideanna dochair iad seo agus is ar an mbonn seo a chuirtear síos ar an (Méadú)/Laghdú.

3. Fabhruithe

Ullmhaíodh an cuntas ioncaim ar bhonn fabhruithe i gcomhréir leis an gCód Cleachtais. Ullmhaítear an cuntas caipitil ar bhonn airgid, seachas idirbhearta a bhaineann le sonraisc ranníocaíochta forbartha a léirítear mar fhabhruithe. Fós féin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur ar bhonn airgid amháin a dháiltear ranníocaíochtaí forbartha ar thionscadail.

4. Muirir Úis

Tá dhá chatagóir d'iasachtaí iníoctha ann:

- Iasachtaí a bhaineann le morgáiste
- Iasachtaí nach mbaineann le morgáiste

4.1 Iasachtaí a Bhaineann le Morgáiste

Gabhann sruth ioncaim ó réamhíocaíochtaí fadtréimhseacha (.i. airgead a thug na húdaráis áitiúla ar iasacht d'iasachtaithe) le hiasachtaí a bhaineann le morgáiste, chun tithe a cheannach. Ní dhéantar ach an ghné úis amháin a léiriú mar shochar sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

4.2 Iasachtaí nach mBaineann le Morgáiste

Tá na cineálacha iasachta sa chatagóir seo leagtha amach i Nóta 7 leis na cuntais. Ní ghabhann sruth ioncaim le hiasachtaí a bhaineann le sócmhainní/ deontais, maoiniú ioncaim. Beidh maoiniú idirlinne mar chuid de mhaoiniú buan sa deireadh. Beidh luach comhfhreagrach i Nóta 3 ag iasachtaí a bhaineann leis na ceanteidil eile.

5. Pinsin

Déantar íocaíochtaí a bhaineann le pinsin agus aiscí a thaifeadadh sa chuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí sin. Áirítear ar chostas na dtuarastal agus na bpánna sna cuntais asbhaintí i dtaca le sochair ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear Baintreacha agus Dílleachtaí) faoi Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil agus faoi Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Cuireadh tús le Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is iad na húdaráis áitiúla a dhéanann ranníocaíochtaí na bhfostaithe don Scéim Aonair a asbhaint i gcónaí ach ansin déantar iad ar fad a sheoladh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

6. Gníomhaireacht agus Seirbhísí Eile

Déantar Caiteachas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil nó a dhéantar ar son údaráis áitiúla eile a aisghabháil ar chostas nó a aisghabháil de réir socruithe ar leith.

7. Soláthar in aghaidh Drochfhiach & Fiacha Amhrasacha

Rinneadh soláthar in aghaidh drochfhiach & fiacha amhrasacha sna cuntais chuí.

8. Sócmhainní Seasta

8.1 Catagóirí Sócmhainní

Cuirtear sócmhainní seasta i gcatagóirí mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá miondealú breise de réir cineál sócmhainne leagtha amach i nóta 1 leis na cuntais.

8.2 Aithint

Déantar caiteachas ar cheannach nó tógáil sócmhainní seasta a chaipitliú ar bhonn fabhraithe.

8.3 Tomhas

Cuimsítear Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) ina bhfuil taifead ar shócmhainní uile an údaráis áitiúil i ngach Ráiteas Airgeadais Bliantúil ón mbliain 2003 i leith. Rinneadh na sócmhainní a luacháil bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' arna heisiúint ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Is ag an gcostas stairiúil a áiríodh na sócmhainní uile a ceannaíodh nó a tógadh ón 1/1/2004 i leith. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad sna ráitis airgeadais ar dháta amach anseo.

8.4 Athluacháil

Tá sé de pholasaí sócmhainní seasta a léiriú ag costas, faoi mar atá leagtha amach i leasú ar an gCód Cleachtais Cuntasaíochta. Níl costais chothabhála agus feabhsaithe a bhaineann le sócmhainní Bonneagair san áireamh faoi láthair i sócmhainní seasta, ach déanfar athbhreithniú orthu ar dháta amach anseo. Is mar gheall ar a staid fhisiciúil atá formhór mór na sócmhainní ar leith d'údaráis áitiúla agus mar sin ní féidir iad a dhiúscairt. Tugtar cuntas ag tráth na diúscartha ar aon chaillteanas nó ghnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile ar féidir iad a dhiúscairt.

8.5 Diúscairtí

I ndáil le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam isteach i gcúlchiste ar leith agus is gnách go n-úsáidtear é le sócmhainní nua a cheannach. Úsáidtear fáltas as díol tithe údaráis áitiúil faoi mar a threoraigh an RTRÁO.

8.6 Dímheas

Tá sé de nós faoin modh cuntasaíochta reatha an muirear dímheasa a fhritháireamh trí fhoinsé maoinithe na sócmhainne a amúchadh. Tá tionchar neodrach ag an modh seo ar loncam & Caiteachas agus dá bharr sin ní dhéantar an muirear dímheasa agus an sochar ó amúchadh a ghabhann leis a chur san áireamh sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

Is iad seo a leanas na beartais a bhaineann le sócmhainní a bhféadfadh dímhéas a bheith i gceist leo:

Cineál Sócmhainne	Boinn	Ráta Dímhéasa
Gléasra & Innealra		
- Saolré Fada	S/L	10%
- Saolré Ghearr	S/L	20%
Trealamh	S/L	20%
Troscán	S/L	20%
Sócmhainní Oidhreacht		Nil
Nialas Leabhar Leabharlainne		Nil
Nialas Clós Súgartha	S/L	20%
Páirceanna	S/L	2%
Láithreán Líonta Talún (*Féach an Nóta)		
Sócmhainní Uisce		
- Scéimeanna uisce	S/L	Saolré sócmhainne sa bhreis ar 70 bliain
- Scéimeanna draenála	S/L	Fad saoil Sócmhainne sa bhreis ar 50 bliain

Ní ghearrann an Chomhairle dímhéas ar bith i mbliain na diúscartha agus gearrfaidh siad bliain iomlán dímhéasa sa bhliain ina gceannaítear iad.

* Áiríodh luach na suíomh líonta talún i nóta 1 faoi thalamh. Is ionann an dímhéas agus ídiú na sócmhainne líonta talún.

9. Deontais Rialtais

Léirítear Deontais Rialtais ar bhonn fabhráithe. Léirítear deontais a fhaightear le haghaidh oibríochtaí laethúla mar shochar sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Léirítear deontais a fhaightear i dtaca le tógáil sócmhainní mar chuid den ioncam a bhaineann le hobair idir lámha. Nuair a thugtar an tionscnamh chun críche aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitilíthe.

10. Féichiúnaithe Forbartha & Ioncam uathu

Áirítear tobhaigh ghearrthéarmacha forbartha nach bhfuil íoctha ag féichiúnaithe fós i nóta 5. Tá ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil le híoc laistigh den bhliain reatha curtha siar agus ní dhéantar léiriú ar leith orthu sna ráitis airgeadais.

11. Fuascailt Fiach

Déantar na fáilais a fhaightear ó luathfhuascailt iasachtaí ag iasachtaithe a úsáid i dtaca le luathfhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáistí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí.

12. Scéimeanna Léasa

Léirítear íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais, cuimsítear iad sna sócmhainní seasta. Léirítear an méid atá dlite ar iarmhéideanna neamhíoctha faoi dhliteanas reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha.

13. Stoc

Déantar stoic a luacháil ar bhonn méanchostais.

14. Obair ar Siúl agus Réamhchaiteachas

Is éard is obair ar siúl agus réamhchaiteachas ann ná an costas stairiúil carntha ar thionscadail éagsúla a bhfuil baint acu le caipiteal. Léirítear an t-ioncam fabhráithe i dtaca leis na tionscadail seo sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar 'Ioncam as Obair ar Siúl'.

15. Leasanna i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá leas Chomhairle Contae Ros Comáin i gcuideachtaí liostaithe in Aguisín 8.

16. Páirtithe Gaolmhara

Aistriú acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar is ea idirbheart páirtí. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhpháirtithe gaolmhara d'údarás áitiúil:

- i. An Lucht Bainistíochta agus an Pearsanra
- ii. Comhaltaí na Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá comhaltaí comhairle agus príomhphearsanra Údaráis Áitiúil faoi cheangal ag na haitl ábhartha den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus ag an reachtaíocht leasaitheach ina dhiaidh sin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a. dearbhú bliantúil a chur ar fáil maidir le 'leasanna is gá a fhógairt' arna leagan amach in alt 175 den Acht;
- b. leasanna tairbhiúla ar bith atá acu nó atá ag duine ar bith a bhaineann leo a nochtadh faoi ailt 167, 178 agus 179; agus
- c. cloí le cód iompair a d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 sa bhliain 2004.

Cuimsíonn "Leasanna is gá a fhógairt" leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile amhail talamh srl.

Déanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht tuarastail agus luachanna saothair do lucht bainistíochta agus do phearsanra na n-údarás áitiúil a chinneadh i gcomhréir le beartas an rialtais láir maidir le rátaí pá.

Tá leasanna na nÚdarás Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair léirithe in Aguisín 8 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Tá idirbhearta Údarás Áitiúil le ranna rialtais faoi réir ag rialuithe an rialtais láir agus ag nósanna imeachta arna spreagadh ag rialacha cuntasáíochta rialtais.



CUNTAIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS AR AN gCUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

Tugtar le chéile sa Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas ar fad a bhaineann le hioncam. Taispeánann sé an barrachas/(easnamh) don bhliain. Déantar i Nóta 16 aistrithe a leithdháileadh de réir rannán seirbhíse, agus déantar é sin san fhormáid chéanna atá i dTábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

Caiteachas de réir Rannáin	Nótaí	Ollchaiteachas Caiteachas 2022 €	Ioncam 2022 €	Glan Caiteachas 2022 €	Glan Caiteachas 2021 €
Tithíocht agus Tógáil		7,619,537	9,041,144	(1,421,607)	(1,453,264)
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht		29,368,418	22,413,760	6,954,658	6,932,454
Seirbhísí Uisce		6,290,435	6,871,985	(581,550)	(19,462)
Bainistíocht Forbartha		8,580,226	4,116,804	4,463,422	3,462,792
Seirbhísí Comhshaoil		6,042,447	1,027,311	5,015,136	5,137,304
Caitheamh Aimsire agus Áiseanna		5,184,713	1,685,132	3,499,581	3,504,246
Talmhaíocht Oideachas, Sláinte & Leas		789,962	335,493	454,469	614,049
Seirbhísí Ilghnéitheacha		3,787,445	5,053,241	(1,265,796)	(289,740)
Caiteachas/ioncam iomlán	15	67,663,182	50,544,869		
Glanchoistas na Rannán atá le maoiniú ó Rátaí & ó Cháin Mhaoine Áitiúil				17,118,313	17,888,380
Rátaí				12,496,462	12,573,441
Cáin Mhaoine Áitiúil				10,825,752	10,825,692
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe				6,203,901	5,510,753
Aistrithe chuig/(ó) Chúlchistí	14			(6,177,851)	(5,485,613)
Barrachas/(Easnamh) iomlán don Bhliain	16			26,050	25,140
Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2022				243,944	218,803
Cúlchiste Ginearálta @ an 31 Nollaig 2022				269,994	243,944

RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
Sócmhainní Seasta	1		
Feidhmiúil		236,776,449	239,107,826
Infreastruchtúrach		1,615,664,454	1,615,664,454
Pobal		12,769,146	13,055,965
Neamhfheidhmiúil		1,178,676	1,236,562
		1,866,388,726	1,869,064,807
Obair ar Siúl agus Réamhspeansais	2	23,441,554	17,127,581
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	3	9,682,903	8,087,869
Sócmhainní Reatha			
Stoic	4	-	-
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	5	5,180,523	5,107,868
Infheistíochtaí Baint		10,790,386	40,807,739
Airgead Tirim sa Bhanc		19,747,505	2,666,329
Airgead faoi Bhealach		154,178	101,408
		35,872,591	48,683,343
Dlíteanais Reatha (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	6	8,426,743	10,412,321
		8,426,743	10,412,321
Glansócmhainní / (Glandlíteanais) Reatha		27,445,848	38,271,022
Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)			
Iasachtaí Iníoctha	7	27,311,156	28,590,261
Léasanna Airgeadais		-	-
Éarlaisí In-aisíoctha	8	776,671	740,418
Eile		1,680,975	1,605,100
		29,768,801	30,935,779
Glansócmhainní		1,897,190,229	1,901,615,499
Arna léiriú ag			
Cuntas Caipitlithe	9	1,866,388,726	1,869,064,807
WIP Ioncaim	2	20,226,644	15,619,494
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim		269,994	243,944
Cúlchistí Sonracha Eile		-	-
Iarmhéideanna Eile	10	10,304,865	16,687,254
Cúlchistí Iomlána		1,897,190,229	1,901,615,499

SRÁITEAS SREABHAIDH CISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2022

	Nótaí	2022 €	2022 €
GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM			
Insreabhadh Glan/(eis-sreabhadh glan) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17		(2,032,183)
GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL			
Torthaí ar Infheistíocht & Fónadh ar Airgeadas			
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Caipitlithe Sócmhainní Seasta		(2,676,081)	
Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú le haghaidh Obair ar Siúl/ ar Réamh-Mhaoiniú		4,607,150	
Méadú/(Laghdú) in Iarmhéideanna Cúlchiste	18	2,084,906	
Insreabhadh Glan/(Eis-sreabhadh Glan) ó Thorthaí ar Infheistíocht agus Fónadh ar Airgeadas			4,015,975
Caiteachas Caipitil & Infheistíocht Airgeadais			
(Méadú)Laghdú ar Shócmhainní Seasta		2,676,081	
(Méadú)/Laghdú ar Obair ar Siúl/Réamh-Mhaoiniú		(6,313,973)	
(Méadú)/Laghdú in Iarmhéideanna Caipitil Eile	19	(9,699,823)	
Insreabhadh Glan/(eis-sreabhadh glan) ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			(13,337,716)
Maoiniú			
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Iasachta	20	(2,798,264)	
Méadú/(Laghdú) in Iarmhéideanna Cúlchiste	21	1,232,528	
Insreabhadh Glan/(eis-sreabhadh glan) ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			(1,565,736)
Gabháltas Tríú Páirtí			
Méadú/(Laghdú) i dTaiscí Inaisíoctha			36,253
Méadú Glan/(Laghdú Glan) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	22		(12,883,407)

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

1. Sócmhainní Seasta									
Talamh	Páirce anna	Tithíocht	Foirgnimh	Gléasra & Innealra (Saol Fada & Saol Gearr)	Ríomhairí, Troscaín & Trealamh	Oidhreacht	Bóithre agus Bonneagar	Gréasán Uisce & Séarachais	Iomlán
€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Costais									
Costais Charntha amhail an 1 Eanáir	40,223,658	354,020	155,644,779	63,761,898	7,330,979	1,405,407	1,096,400	1,615,664,454	- 1,885,481,595
Rudaí Breise - Ceanaithe	139,960	-	1,081,537	421,905	204,374	327,254	48,850	-	- 2,223,880
Rudaí Breise - Aistriú (Obair ar Siúl)	-	-	247,867	-	-	-	-	-	- 247,867
Díúscairt Aistriú Reachtúil	(193,432)	-	(2,914,932)	(1,541,850)	(193,158)	(440,468)	-	-	- (5,283,840)
Athluacháil	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartuithe Costas Stairiúil	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Costais Charntha @ 31/12/2022	40,170,187	354,020	154,059,251	62,641,953	7,342,195	1,292,192	1,145,250	1,615,664,454	- 1,882,669,502
Dímheas									
Dímheas Carntha amhail an 1 Eanáir	9,200,000	217,248	-	-	5,683,794	1,315,746	-	-	- 16,416,788
Soláthar don Bhliain	-	3,702	-	-	387,337	106,575	-	-	- 497,614
Díúscairt Aistriú Reachtúil	-	-	-	-	(193,158)	(440,468)	-	-	- (633,626)
Dímheas Carntha @ 31/12/2022	9,200,000	220,950	-	-	5,877,973	981,853	-	-	- 16,280,776
Glanluach de réir na Leabhar @ 31/12/2022	30,970,187	133,070	154,059,251	62,641,953	1,464,222	310,339	1,145,250	1,615,664,454	- 1,866,388,726
Glanluach de réir na Leabhar @ 31/12/2021	31,023,658	136,772	155,644,779	63,761,898	1,647,185	89,661	1,096,400	1,615,664,454	- 1,869,064,807
Glanluach Leabhair trí Chatagóir									
Feidhmiúil	29,564,840	83,406	154,059,251	51,280,392	1,464,222	310,339	14,000	-	- 236,776,449
Infrastruchtúrach	-	-	-	-	-	-	-	1,615,664,454	- 1,615,664,454
Pobal	226,671	49,664	-	11,361,561	-	-	1,131,250	-	- 12,769,146
Nearnhfeidhmiúil	1,178,676	-	-	-	-	-	-	-	- 1,178,676
Glanluach de réir na Leabhar @ 31/12/2022	30,970,187	133,070	154,059,251	62,641,953	1,464,222	310,339	1,145,250	1,615,664,454	- 1,866,388,726

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

2. Obair ar Siúl agus Réamhspeansais
Seo a leanas achoimre ar an obair atá ar siúl faoi láthair agus réamhchaitheas i gcatagóirí sócmhainne:

	Maoinithe 2022	Neamhshaoinithe 2022	lomlán 2022	lomlán 2021
	€	€	€	€
Caitheas				
Obair atá ar siúl	14,297,007	-	14,297,007	10,366,403
Réamh-chostais	9,144,546	-	9,144,546	6,761,177
	23,441,554	-	23,441,554	17,127,581
Ioncam				
Obair atá ar siúl	10,195,684	-	10,195,684	9,124,217
Réamhchostais	10,030,960	-	10,030,960	6,495,277
	20,226,644	-	20,226,644	15,619,494
Glansuim a Caitheadh				
Obair atá ar siúl	4,101,324	-	4,101,324	1,242,186
Réamhchostais	(886,414)	-	(886,414)	265,900
	3,214,910	-	3,214,910	1,508,086

Glanchaitheas Os cionn/(Faoi bhun)

3. Féichiúnaithe Fadtéarmacha
Seo a leanas miondealú ar na féichiúnaithe fadtréimhseacha:

	larmhéid @ 1/1/2022	lasachtaí Eisithe	Príomhúil Aisíochta	Luach Fuascailtí	Eile Coigeartuithe	larmhéid @ 31/12/2022	larmhéid @ 31/12/2021
	€	€	€	€	€	€	€
Réamhíocaíochtaí Morgáistí Fadtréimhseacha*	3,480,118	1,578,231	(205,958)	(14,002)	(4,457)	4,833,931	3,480,118
Réamhíocaíochtaí Ceannaigh ag Tionóntaí	605	-	(605)	-	-	-	605
Cothromas ar Cíos faoi Chomhúinéireacht	416,228	-	-	-	(5,091)	411,137	416,228
	3,896,951	1,578,231	(206,563)	(14,002)	(9,548)	5,245,069	3,896,951
Airleacain lasachtaí is In-Aisghabhála						2,182,776	2,544,509
Áis Réamhléasaithe Caipitil						1,680,975	1,605,100
Infeistíochtaí Fadtréimhseacha						-	-
Airgead Tirim						606,648	605,975
Leas i gcuideachtaí comhlachaithe						188,000	193,000
Eile						9,903,468	8,845,536
						(220,565)	(757,667)
						9,682,903	8,087,869

Lúide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Nóta 5)

Méideanna lomlána dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

* lasachtaí na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

4. Stoic	2022	2021
Seo a leanas achoimre ar stoc:	€	€
Stórais Lárnacha	-	-
Iostaí Eile	-	-
Iomlán	-	-

5. Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	2022	2021
Seo a leanas miondealú ar fhéichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí:	€	€
Féichiúnaithe Rialtais	1,458,962	1,541,973
Féichiúnaithe Tráchtála	1,313,534	1,114,061
Féichiúnaithe Neamhthráchtála	674,637	519,264
Féichiúnaithe na Scéime do Ranníocaíocht Forbartha	5,220,719	5,030,292
Seirbhísí Eile	2,895,170	2,492,593
Údaráis Áitiúla Eile	33,112	52,189
Coimisinéirí Ioncaim	-	-
Eile	-	-
Cion Reatha Féichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 3)	220,565	757,667
Olliomlán na bhFéichiúnaithe	11,816,699	11,508,038
Lúide: Foráil d'Fhiacha Amhrasacha	(6,636,177)	(6,550,170)
Iomlán na bhFéichiúnaithe Trádála	5,180,523	4,957,868
Réamhíocaíochtaí	-	150,000
Iomlán	5,180,523	5,107,868

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS AGUS ATÁ MAR CHUID DÍOBH

6. Creidiúnaithe agus Fabhruithe	2022	2021
Seo a leanas miondealú ar chreidiúnaithe agus ar fhabhruithe:	€	€
Creidiúnaithe trádála	1,179,969	3,823,410
Deontais	42,250	102,676
Coimisinéirí Ioncaim	1,727,124	2,180,960
Údaráis Áitiúla Eile	-	5,632
Creidiúnaithe Eile	1,081,438	663,359
	4,030,781	6,776,038
Fabhruithe	2,398,520	1,648,041
Ioncam larchurtha	217,454	1,235,903
Móide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Nóta 7)	1,779,988	752,340
Iomlán	8,426,743	10,412,321

7. Iasachtaí Iníoctha	2022	2022	2022	larmhéid @	larmhéid @
(a) Gluaiseacht in Iasachtaí Iníoctha	Gníomhaireacht	Oifig na nOibreacha Poiblí	Eile	31/12/2022	31/12/2021
	€	€	€	€	€
Iarmhéid tosaigh amháin an 1 Eanáir	28,057,920	-	1,284,680	29,342,601	29,930,818
Iasachtaí	1,578,231	-	-	1,578,231	512,840
Aisíocaíocht Príomhshuimeanna	(1,575,312)	-	(254,376)	(1,829,688)	(1,101,058)
Fuascailtí Luatha	-	-	-	-	-
Coigeartuithe Eile	-	-	-	-	-
Iarmhéid @ 31/12/2022	28,060,840	-	1,030,304	29,091,144	29,342,601
Lúide: Cion Reatha Iasachtaí Iníoctha				1,779,988	752,340
